

# CULTUR AGUS AN STÁT

SÉAMAS Ó SIOCHÁIN

## 1. *An Náisiúnachas*

Ídeal de chuid an naou haois déag is ea an t-ídeal gur cóir gurb ionann iad an stát polaitiúil neamhspleách agus an t-aonad cultúrtha ar a dtugtar an náisiún. Ídeal é a d'eascair ón náisiúnachas agus atá mar bhuntréith ag an náisiúnachas. Ach tháinig go leor de na haonaid pholaitiúla dá dtagraíonn an t-ídeal seo ar an saol i bhfad roimhe sin—ón gceathrú go dtí an séú haois déag—mar ghnáththoradh ar iarrachtaí rithe a gcumhacht a leathnú. I gcásanna airithe—luitear Sasana mar shampla—chuaigh meid airithe den aontacht chultúrtha taobh leis an aontacht pholaitiúil ó thus. I gcásanna eile tháinig aontacht chultúrtha i ndiaidh agus de bharr na haonachta polaitiúla. I gcásanna eile fós, san Eilbhéis mar shampla, níor aontaodh na haonaid pholaitiúla riabh ar leibéal an chultúir.<sup>1</sup>

Go dtí an naou haois déag, áfach, níor glacadh leis mar ábhar creidimh, nach mór, gur cóir go mbeadh aonaid neamhspleácha pholaitiúla ag teacht go hiomlán leis na haonaid aitheanta chultúrtha. Cé go n-áiritear tréithe bunúsacha eile leis an náisiúnachas tá an t-ídeal seo sea cheartlár. Ní haon ionadh é, mar sin, go ndíritear aird ó am go cheile ar an gceangal idir cultúr agus polaitíocht i dtreimhse áirithe i stair na tíre seo againe agus go mbíonn tionchar ag an náisiúnachas ar na freagraí a chuirtear ar aghaidh. Ar an ábhar sin, ní miste an cheist a chur: Cé mar a luigh polaitíocht agus cultúr le chéile in Éirinn roimh theacht na Normannach?

## 2. *Cultúr agus Polaitíochta in Éirinn*

Leagtar bém ar leith ag scoláirí ar aontacht chultúrtha sa lúathré. “As far back as we can trace Irish literature Ireland, was, in a full sense, a nation (although not a nation-state) . . .” a deir de Paor.<sup>2</sup> Luitear aontacht teanga, creidimh agus eagrú náisiúnta an aos léinn, ach níos minice fós, b'fhéidir, aontacht ársa na scéimeanna cosmografacha. “The Pentarchy is the oldest certain fact in the political history of Ireland” a scriobh Eoin Mac Néill.<sup>3</sup> Agus ar ndóigh, ní féidir labhairt faoin chvíú cuid gan an t-ionmlá a bheith intuigthe. I mír amháin den traidisún samhlaitear an téarma aonad: cùige amháin i lár baill i. Mide, “an lár”, agus na ceithre

## CULTÚR AGUS AN STÁT

### Ó SÍOCHÁIN

cúigí eile mórtímeall: Connachta, Ulaidh, Laighin agus Mumha. I mur eile den traidisiún samhlaitear dhá láphointe a bheith ag an tír, Teamhair agus Uisneach. Suíomh ríogacht dhiaga ab ea Teamhair, ach nil tabhacht shacraich Uisnigh chomh soiléir—tugann Giraldus Cambrensis *umbilius* Eireann air.<sup>4</sup> Sa scéal *Suidgud Telling Temra* tosaíonn an eachtra i dTeamhair, nó mar a deirtear in alt 20 den scéal, i “tellach Temhrach . . . co ceithri hardaib hÉireann imbi”. Leanann an sua ar aghaidh go hUisnech, áit a bhflágtar “lia cloichi cóic-druimneach i fir-mullaich Uisnig” (“a pillar-stone with five ridges . . . a ridge for every province in Ireland”).<sup>5</sup>

Cé go n-admhaitear go leor de na foinsí a bhfuil fianaise ar na scéimeanna cosmografacha seo ar fáil iontu a bheith déanach, glactar leis gur fiorthraidiús ársa Céitíeach atá iontu. Mar thaca leis seo deintear tagairt d'fhianaise Chasaer i dtaoibh mórthiúil draioithe a reachtáileadh ar dháta cintte i gceartlár crioch Gall .i. i dtír na Carnutes.<sup>6</sup>

Ag glacadh leis, mar sin, gur tugadh aitheantas áirithe d'aontacht tire ar leibhéal an chultúir, ní mór féachaint cé mar a luigh sé seo leis an góras polaitíocha a bhí i réim? Tá tuairimí nochtaithe ag Proinsias Mac Cana ar an gceangal idir cultúr agus polaitíocht.<sup>7</sup> Ag trácht dó ar na filídeir sé:

According to the view of the world by which they were conditioned the spiritual concept of a national unity did not require a mirror image in the realm of secular politics: in other words religious concept and political structure did not necessarily coincide.

### Agus

In the primitive Irish view of things political cohesion and centralism was not in itself necessarily a social good.<sup>8</sup>

Díon Ó Mac Cana ár n-aird ar aitheanna eile ina bhfuil, dar leis<sup>8</sup> an ceangal céanna idir an cultúr agus an pholaitíocht—an Ind agus an Afraic, mar shampla. I gcás na hAfraice, tar éis d5 tagairt a dhéanamh do shaothar cáiliúil san antraipeolaíocht, deir sé:

Basically what they (na húdair) are saying is that when there is cultural diversity unity must be maintained through centralist state-like structures, but that where there is cultural homogeneity these may be dispensed with. The problem in early Ireland was that each individual kingdom was small enough not to require

such structures, while in the country as a whole cultural religious homogeneity was such that centralised government was unnecessary.<sup>10</sup>

Má tá tábhacht ag an gcultúr, tá easpa tábhachta ag baint leis an bpolaítíocht. Luionn sé leis an dearcadh seo nach bhfuil sa chog-aiocht ach cluichíocht:

... one might almost describe the endemic warfare of early Ireland as “harmless”, for, while it could be barbarous, its primary aim was like that of the modern riot weapon: to sting and to stun but not to kill.

B'í feidhm na cogafochta, deirtear linn, “to uphold social order and to bond the tribal kingdom”. Agus ní raibh sa cheachadóireacht a ba ghníóth sna céadta tar éis teach na Normannach ach “little more than a well-tried social lubricant that conferred certain benefits and carried few dangers for the system”.<sup>12</sup>

Tá an míniú seo ar an gceangal idir cultúr agus polaitíocht, dar liom, bunaithe ar (nó gineann sé, nílím cintte cé acu) thuisceint ar an bpolaítíocht atá lochtaíoch, teoranta. Ní haon rud nua é an deacracht seo ag scoláiri luathpholaítíochta na hÉireann a thuiscint i dtéarmái atá ag freagairt don saol mar a bhí an tráth úd seachas i dtéarmái na linne seo. Léiriú ar seo ab ea an t-easaontas idir G. H. Orpen agus Eoin Mac Néill i dtaoibh an chórais pholaitíochta. Chonacthas do Orpen gur tir ainrialta i Éire (“anarchic”, “in a tribal state”). Dhiúltáigh Mac Néill an téarma “treibh” a úsáid; samhlaiodh dō go raibh an tir ina hiomlán aontaithe faoi riail Ard-Ri, ag a raibh dóthain cumhachta leis an díl a chur i bhfeidhm.<sup>13</sup> Ba thíarma díltach é “treibh” dóibh araoan—téarma a chiallaigh easpa gach tréith a bhain le riart ordaithe an Stát. Mar a thug Binchy faoi deara go géarchúiseach, ní raibh ar chumas ceachtar acu córas polaitíocha a shamhlú ina gcoinneofaí ord poiblí gan tréithe stát ár linne féin aige.

Cé go bhfuil an-dul chun cinn déanta inár dtuiscint ar luathstair na hÉireamh ó thus an cheád, tá deacracht fós ag scoláiri an córas polaitíochta a thuiscint de bharr easpa friotail agus easpa taithí ag déileail le struchtúr agus saintréithe na polaitíochta i bpobail ársa. Léiriú ar thóráiocht friotail is ea gur glacadh athuair leis an téarma “treibh” ag scoláiri áirithe: i dtús ag Binchy, a ghilacann le “treibh”, mar “a primary aggregate of people under a headman or chief”;

ansin ag Byrne ag a bhfuil alt iomlán ar an ábhar.<sup>14</sup> Tá comhartha ar an seal, ámh, gur téarma fuill (“residual”) é “treibh” fós, agus gurb é atá i gceist le “treibheachas” ná easpa tréithe a ghabhann le stát ár líne fén. Sé croí an treibheachais, dar le Binchy, ná “the complete fragmentation of political authority . . . coupled with the absence of public administrative machinery”; séard atá sa chórás polaitíochta go ginearálta ná “the state in chrysalis” nó “in embryo”.<sup>15</sup> Dar le Byrne, “it is difficult to speak of politics or the state as such”.<sup>16</sup> Tábhair fós ag smaoineamh ar an stát.

*3. An Pholaitíocht agus an Antraipeolaíocht*

Bíonn ar antraipeolaíthe dul i ngleic le téarmaíocht agus struchtúr na polaitíochta chomh maith. D’úsáidtí an téarma “treibh”, mar shampla, go forleathan agus gan mórchruinneas i gcónai, d’úsáidtí é i leith pobail mionoileáin san Aigéan Chuim agus i leith ríochtai láidre ar nós Buganda san Afraic Thoir. Ach arís tá dul chun cinn déanta, go háirthe ó 1940 nuair a foilsiodh leabhar a aithnítear mar thusphointe ag an bhforeinn sin den antraipeolaíocht ar a dtugtar “antraipeolatocht pholaitíuil”. Seo *African Political System* inar roinn na heagarthóirí na córais pholaitiúla sa leabhar ina dhá chuid:

iadsan le tréithe an stát agus iadsan gan iad.<sup>17</sup>

Tá nochtaithe ag diantáighe ó shin i leith go bhfuil líon i bhfad níos mó ná sin de shaghasanna córais polaitíochta idir an córas is simplí agus stát na fichiú haoise. Slat tornhais amháin a úsáidear le saghasanna a mheas ná méid an *ídirnealaithe* (“differentiation”) atá i réim i. cé chomh mór is atá an pholaitíocht scartha amach ó ghnéithe eile den chóras sóisialta, le struchtúr agus oifigh dá cuid féin. I stát na líne seo tá an t-idirnealaithe seo sofheicte go maith; tá struchtúr na polaitíochta so-aithíanta ó struchtúr a bhaineann leis an eacnamaíocht, le cursáil creidimh, oideachais 7rl. Ach sna pobail is “simplí” ar domhan tá an córas polaitíochta *neamhnealaithe* (“undifferentiated”); tá polaitíocht, eacnamaíocht 7rl. frite fuaite ina cheile—taid *neadaithe* (“embedded”) ina cheile.

Conas a aithnítear an pholaitíocht nuair atá sí neadaithe mar seo, gan aon struchtúr infeicthe? Ní mór i aithint ón bhfeidhm (“function”) atá ag an bpolaitíocht. Dirítear sainmhínithe sa socheolatocht agus san antraipeolatocht níos mó ar fhéidhm ná ar struktúr. Sampla:

... the policy or political system is viewed, not as a concretely distinct part of the social system, but rather as a functional

aspect of the whole system: the aspect concerned with making and carrying out decisions regarding public policy, by whatever institutional means.<sup>18</sup>

Chomh maith le sainmhínithe úsáidtear réimse eile téarmaí/coincheapanna a leagann bénim ar fhéidhm na polaitíochta; ina measc tá údarás (“authority”), cumhacht (“power”), polasaí (“policy”, “decision-making”), tacaíocht (“support”), forneart (“force/execution”), ceannas (“leadership”), dilsteanacht (“legitimacy”), riarrachán (“administration”), srathú sóisialta (“social stratification”), lárnu (“centralization”), idirdhealu (“differentiation”).

Le cabhair ó shainmhínithe, coincheapanna agus domhaineolas ar an bpolaitíocht i measc na scórtha pobal ar fud an domhain, tig le hantraipeolaíthe córais pholaitíochta a shíneadh ar líne ón saghas is simplí go dtí an saghas is casta. Tá iarracht mar seo déanta ag Dole:<sup>19</sup>

I Tribe: (Autonomous group of people organised primarily by kinship ties)

A Egalitarian:

1. Informal Unsegmented (Unstable band or horde)
2. Formal Unsegmented (stable group without lineal kin divisions)
3. Simple Segmented (group with lineal kin divisions)

B Ranked:

1. Stratified Segmented (aggregate of related kin groups under the control of a paramount leader; chiefdom)
- II Nation: (Autonomous group with a centralised government, organised primarily on the basis of non-kin relationships)

A Simple:

1. State (a nation comprising a single centralised government)
- B Complex:

1. Empire (a nation comprising more than one previously autonomous state, each of which continues to exercise a considerable degree of local autonomy)

Cá luionn Éire na luathré ar an líne ón gcóras is simplí go dtí stát na haoise seo? Tá sí níos goire, dar liom, do chóras stát ná mar a thugtar le fios go minic.<sup>20</sup> Don chuid den aiste seo atá fágtha,

feáchtáidh mé ar dhá ghné de chórais pholaitíochta—srathú scírialta shraitheanna scírialta (i. aicmí seasimhacha) a bheith i láthair.<sup>21</sup> agus riarrach—le polaitiocht n a hEireann a chur i gcomhthéacs níos leithne.

#### 4. *Srathú Scírialta*

I measc sainmhínlithe ar an stát bunaitear grúpa ionlán acu ar shraitheanna scírialta (i. aicmí seasimhacha) a bheith i láthair.<sup>21</sup> Roinneam Morton Fried, urlabhraí amháin don dream a úsáideann sainmhínlú den chineál seo, poball i dtí codanna: “égalitarian-ranked-stratified”. Scríobhann sé:

Stratified societies lacking political institutions of state level are almost impossible to find... The cause of this rarity is not difficult to isolate. Once stratification exists, the cause of state-ship is implicit and the actual formation of the state is begun, its formal appearance occurring within a relatively brief time.<sup>22</sup>

Lig dom cur le seo. I bpobail ina maireann daoine ar chomhchéim (“egalitarian”), tá an oiread céanna áitteanna inmheasta (“positions of value”) is atá daonine ann. I measc poball atá rangaithe (“ranked”), bionn daoine in ionaíocht dá réir. Ach bionn ar an té a bhfuil gradam ar leith aige a chuid a shaothrú fíos agus ní roinntear bunriachtanais na beatha go héagothrom de bharr rangaithe. Cé go seoltar bia eugus cáinacha éile i dtreco daoine le stádas, athdháiltear arís iad; ta cinniri saibhir “for what they dispensed and not for what they hoarded”. Ní bheidh aon chuid den phobal, áfach, gan maoín nó disheatbhaithe (“expropriated”), i. ní bheidh aicmí oibíachtúla, aicmí i gciatl aonamhul i láthair<sup>23</sup> Chomh maith leis seo beidh ideolaiocht an mhuintearais (“kinship”) fós in uachtar; “even the highest chiefs were conceived superior kinsmen to their people”.<sup>24</sup>

Ait a fhraightear *srathú scírialta*, áfach, roinntear maoín bhunús-ábhar té gó, ábhar déanta gléasanna oibre nó cibé. Le seo tá againn “genuine socio-economic classes associated with markedly contrasted standards of living, security and even life expectancy”. Tá a thábhacht bhunúsach imithe chomh maith ón muintearas mar phrionsabhal scírialta. Dar le roinnt antraipeolaithe, mar sin, tá an stát agat (no geall a bheith) má tá srathú scírialta i láthair. Tá fior-ídirdhealú (“differentiation”) aonuis ann le mionlach ina rialaitheoirí proifisiúnta ar thaobh amháin agus an mórlach ar an taobh éile:

Ní mór a chinntiú, mar sin, cén saghas éagotairoime a bhí le fail in Éirinn. Úsáidtear focal mar “maithe”, “uaiste”, “hierarchical”, “aristocratic” agus “nobility” go forleathan ach d’fhéadfai iad a úsáid i leith phoball rangaithe nō srathaithe. Féach, mar shampla, smaointe Byrne ar eacnamaiocht na hEireann:

Did early Ireland have a tribal economy? . . . At the present state of knowledge one is tempted to answer in the affirmative, at least for the centuries before the tenth . . . Gluckman points out that tribal societies are characterised by the possession of primary goods only, without luxuries, so that the standard of living of the wealthy could not differ radically from that of the ordinary tribesman. “A man with a thousand head of cattle could not himself consume all their milk, meat and skins. He could only use them to attract and support dependants and thus acquire power over people”. The relevance of this observation to the Irish system of *gialtanae* or *célsine* will be immediately obvious.

#### Agus (Gluckman arís):

“Many well-authenticated records described how African chiefs distributed the tribute which flowed into them from their people, back among the people, whether as individual gifts or in huge public feasts” . . . Poseidonius attests that lavish feasts and bardic praise for royal generosity, prominent features of Gaelic society down through the middle ages, were equally characteristic of Gaul in the first century B.C.

Tá an lomthearma “treibheach” rómhaol, dar liom, le hidirdhealú cruinne a dhéanamh, idir círaísh shóisialta éagsúla ach ná iarrrtar orainn cé acu lena réitíonn cur síos Gluckman, déarfainnse córas le rangú seachas le srathú. Cheapfainnse nach bhfreagraíonn seo don saol mar a bhí in Éirinn mar go raibh fioraimí i láthair in Éirinn sa luathré. Féach fianaise *Criti Gabhlaich*.<sup>25</sup> Déantar idirdhealú sa téacs seo idir saoránaigh agus iadsan atá ina ndaoir nō gar dó. Éagothroime bhunúsach maidir le teacht ar bhunriachtanaí (talamh agus stoc, ach go háirithe) atá mar bhonn leis an idirdhealú. I measc na ndaoir tá an *fuidir*, and *bohach*, an *senchleithe* agus an *sclábhá* (*cumal* nō *mag*). Ní scéam cáipéisí de chuid na huasalcime an t-uafás eolais i dtaobh na n-séal ach tuigtear go bhfuair an tiarna

## CULTÚR AGUS AN STÁT

### Ó SÍOCHÁIN

fíonamh éiginnte mar aistoc. Cé gurbh fhéidir, go teoiriciúil, crioch a chur leis an gcontradh eatarthu, caithfidh go raibh sin deacair. Má mhair an ceangal naoi nglún deineadh *senchleithe*, cuid de threallamh an tiarna, den *suídir* nó den *bhoíthach*. Os a gclonn seo go léir bhí na saoránaigh, roinnt i ndhá chuid, *grád flatha* agus *grád fene*. Aris bhraith difríochtaí stádaí eatarthu seo ar dhifríochtaí maoine (agus an llion na *gcéile*). Má bhí athdháileadh maoine á chleachtadh, mar shampla sa *chélsine*, ní hionann é agus an t-athdháileadh bunúsach atá le fail i gcóras rangaithe.

Má tá floraícmi in Éirinn sa luathré, éagothroime ionmlán cumhachta, agus uasalaicme ar rialaitheoirí profisiúnta a baill, tá againn ceann, ar a laghad, de bhuntréithe an stáit.

### 5. Riarachán

Déantar idirdhealú úsáideach san antraipeolaíocht idir (i) an ghné sin den ghníomhaiocht pholaitiúil atá diríthe ar chinneadh ar pholasai agus (ii) an ghné sin atá diríthe ar pholasai a chur i bhfeidhm, tar éis a roghnaithe, .i. an riarrachán.<sup>27</sup> Sa chéad ghné bíonn coimhlint i gceist idir dreamanna atá in ionatocth lena cheile agus tá an ghníomhaiocht contraphointeach (nó “segmentary”), dár réir. Bíonn an choimhlint seo, an trúáocht seo ar chumhacht, le braith ag gach leibhéal den chóras, ach níos feiceálaí i measc na huasal-aimse. Sa dara gné ní coimhlint ach udarás a ghabhann leis an ghníomhaiocht agus tá an caidreamh hierarcach, diríthe ar pholasai a chur i bhfeidhm ón mbarr síos agus amach.<sup>28</sup> I bpobal atá neamh-dhealaithe (“undifferentiated”) ní bhíonn struchtúr ar leith ar fail chun na gneáithe seo a léiriú. Déantar an dá ghnó taobh istigh de ghríspai eile sa phobal (m.sh. iadsan atá bunaithe ar an muineearas). An dtugtar aitheantas don dá ghné seo den pholaitiúch in Éirinn?

Tugtar don chéad ghné .i. coimhlint diríthe ar dhul i bhfeidhm ar pholasai, ach deintear failli ar ghné an riarrachán. Ní amháin sin, ach toisc gan struchtúr ar leith don riarrachán a bheith sofheicthe (.i. níl an córas polaitiúchta idirdhealaithe ar fad), ní thugtar aithantas don riarrachán a dheintear.<sup>29</sup> Cuis amháin le seo is ea easpa cáipeási diríthe ar an riarrachán. Ciallann seo go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an bhfinaise atá ar fail. Féachfad ar dhá shampla ón seachtú céad a nochtaí eolas bunúsach faoin riarrachán.

(a) Cáin agus Sléogadh: *Senchus Fer n'Alban*: Téacs garid ag trácht ar Dhál Riata na hAlban is ea *Senchus Fer n'Alban*.<sup>30</sup> Sa chéad leath tá gineaíl agus sa dara leath (that ar leathanach in ionmlán) tá liostai de thíte a ghabhann le fo-roinn de chuid Dál Riata.<sup>31</sup>

Dál Riata	Cenél Loairn	Oideach	20
		Freg	120
Cenél nOengusa	430	Calad Rois	60
		Ros Dearand	30
Cenél nGabráin	560	Ard hE	30
		Loch Rois	30
	(Cenél nOengusa)	Ath Cassil	30
		Crónán	10
Cenél Fergusua	60	Ferdáalach	20
		Baotán	20
Cenél Cathbadh	60	Cormac	20
		Bledán	10
Cenél Muiredaig	Cenél Cathbadh	Crónán	10
		Oideach	20
Shalaig	Fergna	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Eogan	Ros Dearand	30
		Ard hE	30
Baitán	Baitán	Loch Rois	30
		Ath Cassil	30
Cenél Cathbadh	Cormac	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Ferdáalach	Freg	120
		Calad Rois	60
Baitán	Baitán	Ros Dearand	30
		Ard hE	30
Cenél Cathbadh	Baitán	Loch Rois	30
		Ath Cassil	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Oideach	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Ferdáalach	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Baitán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Baitán	Ros Dearand	30
		Crónán	10
Cenél Cathbadh	Crónán	Oideach	20
		Freg	120
Cenél Cathbadh	Crónán	Calad Rois	60
		Ros Dearand	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Baitán	30
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Ferdáalach	20
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		Baitán	30
Cenél Cathbadh	Crónán	Crónán	10
		Oideach	20
Cenél Cathbadh	Crónán	Freg	120
		Calad Rois	60
Cenél Cathbadh	Crónán	Ros Dearand	30
		B	

Is féidir a rá, mar sin, gur riaraitheoirí proifisiúnta iad baill na hua-salaicme agus go ndearnadh an riarradh trí ghnáthstruchtúir an phobail—cenélacha, *célsine*, bailete fearainn.

(b) Bóithre: Cogitosus: Ó scriobh Colm Ó Lochlann an t-alt aige in 1940 ní mór atá scríofa i dtaoibh Colm Ó Lochlann. Is mbóthar seachas cursaí riarracháin ba shuim le Ó Lochlann. Is solléir go ndearnadh go leor taistil sa tir, ar a laghad i measc aicme áirithe. Ar mhuin capall nó i gcarbaid (trucail) a chuaigh an uasal-

aicme: ar chos a ghabh an gnáthdhuhne.

Liosláinn *Sanas Cormaic* na saghасана бóithre agus an gá atá le glanadh.<sup>35</sup> Caithsear iad a għianadh in aimsir *oenag* (eachruathar), cogaidh agus *cue* (cuaird an tiarna ar a chéill). Luaitear smacha (fincéil) sna gluaiseanna a għabhañ leis na dlitħe, má dħeantar faili i ngħanadh na mḃ-θar.<sup>36</sup> Is soilier ón *Sanas* gur don uasalaicme iad na bōithre: "It hé aicsin ara ngħanaiter i. amná hēl net cairphthiu oc dul for caí agus arrá ēlmet echrada oc techt do āenuch". .i. "The reasons why they are cleared are that they may not soil chariots going on a cuia and that they may not soil steeds going to an assembly".<sup>37</sup>

Cé a thóg nó cé a d'ordajgo dtógfai na bōithre? Tá rial ghairid amħáin sna dlitħe a deir: "atach tí rindad ramut"—"the demand of a king for the cutting of his roads".<sup>38</sup> Léireoidh an sampli deir-eanach agam go raibh suim ar leith agus cumhachet ag rítħe ina leithéid. Siġocħt é as *Vita Sanctae Brigidiae* le Cogitosus ón seachtu cead:

Again by the following miracle also St. Brigid shone forth. Because as in as much as the power of the king of the country, in which she herself was, was very strong throughout the peoples and provinces which were under his authority; so this king was able to assemble together all peoples from all his regions and provinces to build a wide and strong road. Branches of trees and stones were laid as a foundation, and certain very strong buttresses were placed across a deep and completely uncrossable marshy hollow, and in damp and swampy places nearby, where a very strong river flowed, so that the edifice could support four-horse carts, and knights, and chariots, and wheeled carts, and an onrush of people and an incursion of enemies from all sides.

But when the people had come together from all sides, they divided up the road among relatives and families into indi-

vidual shares which each was responsible for building, so that each family or group of relatives could construct the part of the road which had been entrusted to it. And when that very difficult and laborious part near the river had been allotted to one of those nations, that nation avoided the very hard task. And it forced a lesser nation to take on instead, because of its resolute trust in St. Brigid, this difficult part of the road construction.<sup>39</sup>

#### 6. *Críoch*

Má táthar le hiniúchadh a dhéanamh ar an gceangal idir polaitiocht agus cultúr in Éirinn sa luathré is gá breis aird a dhíriú ar shaintréithe na polaitiċċa i bpobal den sórt iud. Foinse amħáin chuiġe seo is ea litriocht na hantraipoloċċa ar an bpolaitiċċ. Cé go bhifull téarmai mar "ħreibħ" agus "treibheħas" usáideach. sa għnáthchur sios, más cruinneas ata, ag teastail ní mør du l-tharstu agus miexx-żurġi a dhéanamh ar għnēiħe ar leith den pholaitiċċ ar nos strathu sősialta agus riarrachán.

#### LIOSTA LEABHAR AGUS AISTÍ

- |                                |  |
|--------------------------------|--|
| Bannerman, John                | 1865-1901 <i>Ancient Laws of Ireland</i> (ALI) i-vi. Rolls Series Dublin. Alex and Thom.   |
| Bergin, Osborn, and R. I. Best | 1974 <i>Studies in the History of Dal Riada</i> . Edinburgh.   |
| Binchy, D. A.                  | 1910 "Suidigud Tellag Temra" ("The Settling of the Manor of Tara") <i>Ériu</i> iv 121-172.<br>1940 "Aimser Chue" 18-22 de John Ryan (eag.) <i>Féilscríbhinn Eoin Mhic Néill</i> . Dublin. Sign of the Three Candles. |
| D.                             | 1954 "Secular Institutions", 52-65 de Myles Dillon (ed.) <i>Early Irish Society</i> . Cork. Mercier Press for Cultural Relations Committee of Ireland.   |
| Advanced Studies.              | 1970 (1941) <i>Crith Gablach</i> . Dublin. Institute for Advanced Studies.   |
| Byrne, Francis J.              | 1973 "MacNeill's Study of the Ancient Irish Laws" 39-48 de F. X. Martin & F. J. Byrne (eds). <i>The Scholar Revolutionary</i> . Shannon. IUP.  |
|                                | 1978 <i>Corpus Iuris Hibernici</i> . i-vi. Institutiū Ardleinn Braile Atha Cliath.   |
|                                | 1971 "Tribes and Tribalism in Early Ireland" <i>Ériu</i> xxii 128-166.   |

## CULTÚR AGUS AN STÁT

- Dole, Gertrude 1968 "Tribe as an Autonomous Unit". 83-100 de June Helm (ed.) *Essays on the Problem of Tribe*. University of Washington Press for American Ethnological Society.
- Easton, David 1959 "Political Anthropology" 210-262 de Bernard J. Siegel (ed.) *Bienal Review of Anthropology*. Stanford: Stanford University Press.
- Fallens, Lloyd 1963 "Political Sociology and the Anthropological Study of African Politics" *European Journal of Sociology*. 4, 311-329.
- Fortes, Meyer and E.E. Evans-Pritchard 1940 *African Political Systems*. London, Oxford University Press for International African Institute.
- Francis, Emerich K. (eds) 1976 *Interethnic Relations, an Essay in Sociological Theory*. N.Y./Amsterdam. Elsevier.
- Fried, Morton 1967 *The Evolution of Political Society*. N.Y. Random House.
- Hughes, Kathleen 1968 "Introduction" 1-33 de A. J. Oway-Ruthven *A History of Medieval Ireland*. London, Ernest Benn.
- Mac Cana, Proinsias 1978 "Notes on the Early Irish Concept of Unity" *Craic Bag*. 2, 57-71.
- MacNeill, Eoin 1968 (1919) *Phases of Irish History*. Dublin, Gill & Son.
- Ó Corráin, Donncha 1978 "Nationality and Kingship in Pre-Norman Ireland", 1-35 de T. W. Moody (ed.) *Nationality and the Pursuit of National Independence*. Historical Studies xi. Belfast Appletree Press for Irish Committee of Historical Sciences.
- Ó Lochlainn, Colm 1940 "Roadways in Ancient Ireland" 465-74 de John Ryan (eag.) *Féilscríbhinn Eoin Mhic Néill*. Dublin.
- Rees, Alwyn & B. Rees 1976 [1961] *Celtic Heritage*. London Thamés and Hudson.
- Cobban, Alfred 1970 (1969) *The Nation State and National Self-Determination*. N.Y. T. Crowell.
- Cogitosus — 1978 *Vita Sanctae Brigidae*, 778-790 de J. P. Migne *Patrologiae Latinae* 72. Paris (1844-1864).
- Cohen, Ronald Services (eds) 1973 "Introduction", 1-20 de R. Cohen and E. Services (eds) *Origins of the State; the Anthropology of Political Evolution*. Philadelphia. Institute for the Study of Human Issues.
- de Paor, Liam 1973 "The Early Historic Period: Monks and Traders" 18-31 de Kevin B. Nowlan (ed.) *Travel and Transport in Ireland*. Dublin. Gill and Macmillan.

## Ó SÍOCHÁIN

- Sahlins, Marshall Service, Elman 1968 *Tribesmen*. Englewood Cliffs, N.J. Prentice Hall.
- Smith, Anthony D. 1971 [1962] *Primitive Social Organization: an evolutionary perspective*. 2nd ed. N.Y. Random House.
- Smith, M. G. 1971 *Theories of Nationalism*. N.Y. Harper Torchbooks.
- Southall, Aidan 1956 "On Segmentary Lineage Systems" *In. Roy. Anthropological Institute*. 86 (39-80).
- Stokes, Whitley (ed.) 1969 [1965] "A Critique of the Typology of States and Political Systems", 113-140 de M. Banton (ed.) *Political Systems and the Distribution of Power*. A.S.A. Monographs 2. London. Tavistock.
- 1982 "Sámas Cormac", 1-46 of *Three Irish Glossaries* London. Williams & Norgate.

## NÓTAÍ

1. Féach Cobban, Francis agus A. D. Smith don náisiúnachas. 2. de Paor Ich 20. 3. Mac Néill Ich 101. 4. Féach Rees Ich 159; Mac Cana Ich 61. 5. Best, 152-3 agus Rees 120, 146. 6. Rees Ich 158; Mac Cana 62. 7. Ní mó, ar ndóigh, an tábhacht a bhain le haitheantas tire ag an am a chur i gcomhbheas le haitheantas agus dliseacht d'aontaide éile, m.sh. an chlann, an tuath, an diúche (regio), creideamh. 8. San alt thuaoluaithe; is as a thagann na desmireacháil seo leanas. 9. *Ibid.*, 63, 58. 10. *Ibid.*, 66, ag tagairt dó do Fortes and Evans-Pritchard; féach thíos. 11. *Ibid.*, 59. 12. *Ibid.*, 68. 13. Don easaontas seo feach Binchy 62; Byrne 1971, 128; 1973, 24-5; Ó Corráin, 1-4. 14. Binchy 1954 agus Byrne 1971, 15. Binchy 1973, 45 agus 1954, 59, 62. 16. Byrne 1971, 133. 17. Fortes and Evans-Pritchard Ich 5. 18. Fallens Ich 312; féach chomh math Easton Ich 226 agus Radcliffe-Brown i Fortes and Evans-Pritchard Ich xiv. 19. Dole Ich 95; féach sampla eile ag Southall lgn 128-9.
20. Chomh maith leis na húdar iuaite thusa, dhéanfainn tacaírt d'aiste Hughes (1968) atá eásnamhach go maith mar chuntas ar chóras polaitiúchta. 21. Féach Fried, Sahlins, Service and Cohen-Service. 22. Fried Ich 185. Tá an dá ailt a leanaunn bunaithe cùid mhór ar shaothar Fried. 23. Glactar leis go mbéidh aicmi suibhachtúil i láthair i.i. aicmi i geall shóisialta. 24. Sahlins 92, 87 cf. Fried 120-121. 25. Byrne 1971, 138; 143-3 ag tagairt ido Max Gluckman 1965 *Politics, Law and Ritual in Tribal Society*, Oxford. 26. Binchy 1970. 27. Dob é M. G. Smith a leirigh an difrioch seo an dtúis. 28. Sampla ónár georas polaitiúchta fein: Léiritear coimhlínt i dtaoibh polasaí idir páirtithe polaitiúchta agus diu iad agus dreamanna éile ar mhaith leo go n-éisteofaí lena nglórtha—lucht gnó céard-chumhainn, na nEaglaí, Trí: léiritear gaté an riarracháin leis an stáitseoirí, forais dlí trí.
29. Mar threithe lúaitear "absence of public administrative machinery"; "extreme fragmentation" (Binchy 1973, 45) agus "entirely decentralised society"; (Hughes 1968, 9). 30. Faoi bhun tri leathanach san eagrán ag Bannerman. Ón deichníú céad a shiolaríonn an chorp atá againn ach formhór an ábhar inti ag dul siar go téacs de chuid na seachtaí haoise, dar leis an bhfeart eagair. 31. Bunaithe

at théacs agus cuntas Baumerman. Fágaim ar leathaoibh na deacrachtai a ghabhann leis an téacs m.sh. nach dtagann lión na dtithe in áiteanna sa téacs leis an lión a thugtar in áiteanna eile. 32. Toisc lión na dtithe faoi smacht na dtaoiseach a bheith roinnt i gcuigearna sé tuairim an útair go dtagan seo leis an gcuantas ar an gréasáin i gCrith Gabhlach; feach Baumerman 133-140.

33. Baumerman 137. 34. Ó Lochlainn. 35. Stokes, Ich 38 s.v. rot. 36. ALI i, 158, 27, v, 476, 21; cf. Binchy 1978 Iml. 5 Ich 1904 1, 7. 37. Stokes 38: seo an leagan atá ag Binchy 1940 Ich 20. 38. ALI iv 306, 7. 39. Cogitosus Ich 786-7. Tain buioch do Martin Putbrook, Roinn na gClasaic, Má Nuad, don aistríúchán seo. Féach chomh maith, an cur sios ar thogail tóchair atá le fail i dTochmarc Etaine, Bergin agus Best 1/8/9.

## TUAIRISC

Bhí an tA.thair Micheál Mac Gréil ina chathaorileach don léacht seo, rud a d'oir mar gur leis an Roinn Socheolaíochta a bhainneann an léachtóir. Chuir seisean a smaointe in iúl go meáite solleir—agus in éit billeog bhi cabhair teilgeora aige. Bhí plé an-bhríomhar tar éis a dearadh leathchéad bliain ó shin, agus atá in úsáid fós ag lucht léinn agus luathstaire i gcoitinne sa tir seo a gnagadh. Chuir an cathaoirleach tú leis an diospóireacht á thiafraí an bhfuiul chriochas ag brú an mhuintearais i leataobh cheana féin sa tréimhse i gceist. Dúirt an léachtóir go raibh, ábhar. Dhírigh McCone ar a n-aird ar thábhacht na mbeathai luatha naomh—Vita Brigidae le Cogitosus go hairithe, mar fhoinse eolais ar an gcóras polaitiúil agus eile sa ré sin; gur iontaofa go mór iad ná na Dilíthe faoi shaol na linne; go bhfuiul ciall theicniúil ar leith le focal mat *sarrap*, *dux* etc. ag leithéid Mhuircchú. D'aontaigh sé leis an léachtóir sa mhéid gur thuairimigh sé go raibh an córas polaitiúil níos forbartha ná mar a deirtear de ghnáth—ar fhianaise fhocal ar scoláirí, gan na foinsí féin a ransú.

Luaigh Breandan Ó Ciobháin go raibh fianaise sna Dilíthe chomh maith a thaispeánam go raibh forbairt áirithe ar an gcóras polaitiúil e.g. is léir go bhfuiul riarrachán i geistí i gCoibnes Uisci Thairidne; agus go bhfuiul dearmad ar an mBínseach nuair a deir sé nach féidir go dtugadh an rí breith ar an Satharn; deir an téacs a mhalaírt; réamhfhreith a priori faoi deara don scoláire seasamh ar an bhfód sin. Bhí focal mar “scannalach”, “álféiseach” a lua le tuairimí móris. D'fhaiftear Nollaig Ó Muráile an raibh forbairt le feiceáil sna cáipeáis? Aontaíodh go raibh—agus ar gach gné. Ceartaíodh an

Dochartach a d'fhág “redistribution” as an áireamh in alt tábhachtach ar thrádáil le déanaí. Ní fhéadfadh “ceannaithe” a bheith in Éirinn fadó—“pedlars” a bhí againn, dá réir sin, a deir scoláirí! D'fhaiftear Annai Ó Braonáin an raibh baint ag an Eaglais leis an bhforbairt. Bhí, at ndóigh, agus go háirithe le cúrsáid pionóis e.g. cloisimid faoi chléirigh ag éileamh pionós bás. Chuir Art Ó Maolfhabhail ceist faoi phionós prióbháideach i geodarsnacht le pionós poiblí.

Luadh an dearcadh diúltach atá ag scoláirí i leith iarrachtaí lárnaithe Uí Néill agus Uí Chonchúir. Cáinteár an bholscaireacht. Ach, an bholscaireacht féin, a dúirt McCone nár chruthaigh sé go raibh idéal ag na rithe i gceist. Nuair a bhíonn ceisteanna mar seo a bpé, a dúirt Damien Ó Muirí, ní mór cuimhneamh air go raibh daonra an-bheag—c. 100,000, sa tir ag an am.

Bhí an tuairisceoir chomh gnóthach ag glacadh nótáí, agus bhí an lucht éisteachta chomh gafa sa phlé, nár éirigh leis féin aon cheist a chur. Chuir an cathaoirleach clabhsúr ar an bpé faoi dheireadh agus thug an moladh ba dhual don léachtóir. Bhí tart orainn go léir tar éis na deafa: fuair sé a dhíol de mhúchadh.